



An Bhruiséil, 9 Márta 2015
(OR. en)

7007/15

SOC 164
EMPL 84
ECOFIN 199
EDUC 82

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roime seo:	6147/15 SOC 72 EMPL 33 ECOFIN 99 EDUC 30
Ábhar:	Suirbhé Bliantúil Fáis 2015 agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht: treoir pholaitiúil maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta - Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an leagan deiridh de na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle, mar a ghlac an Chomhairle EPSCO iad an 9 Márta 2015.

Conclúidí ón gComhairle

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

1. De réir na réamhfhaisnéisí eacnamaíocha tá an téarnamh mall, leochaileach, agus is cinnte gur laige é ná mar a tuaradh bliain ó shin. Leis an gcúlú mór eacnamaíochta agus an téarnamh mall cuirtear leis na forbairtí diúltacha sóisialta trí ardleibhéil dífhostaíochta, trí ioncaim laghdaithe na dteaghlach agus trí mhéadú ar bhochtaineacht agus ar mhíchothromaíochtaí.
2. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil cás na dífhostaíochta cobhsaithe, bhí níos mó ná 24.4 mhilliún duine dífhostaithe i Samhain 2014 - 5.1 mhilliún duine idir 15 agus 24 bliana d'aois. Tá an ráta dífhostaíochta san Aontas Eorpach (AE) ag dul i méid i gcónaí ar bhonn fadtéarmach san Aontas agus is í an dífhostaíocht atá ag teacht chun cinn níos mó ná riamh mar iarmhairt is suntasaí an chúlaithe eacnamaíochta. Tá níos mó ná leath (50.1 %) de lucht dífhostaíochta an Aontais Eorpaigh gan obair anois ar feadh tréimhse níos faide ná bliain. Mar thoradh ar ráta ard dífhostaíochta a bheith ann ar bhonn seasmhach mar aon le leibhéil do-ghlactha ard dífhostaíochta i measc an ógra tá an lucht saothair go mór i mbaol ó "ghlúin atá caillte".
3. Tá an bhochtaineacht nó an t-eisiamh sóisialta fós ag bagairt ar 24.5% de dhaonra iomlán an Aontais Eorpaigh, figiúr atá fíor-scéiniúil. De réir an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta tá na méaduithe ar bhaol na bochtaineachta ar an daonra iomlán, doimhneacht na bochtaineachta, na lagduithe ar ioncam indiúscartha na dteaghlach, an méadú atá ag teacht ar theaghlaigh gan aon phost acu agus ar oibrithe atá beo bocht, agus ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta, ar na príomhthreochtaí lena n-íslítear an caighdeán maireachtála agus nach mór súil a choimeád orthu.

4. I gcomhthéacs an fháis eacnamaíoch atá marbhánta, leibhéil dífhostaíochta atá ard i gcónaí, cruthaithe neamhleor post, agus laghdaithe suntasaigh ar an leibhéal infheistíochta ar fud an Aontais, is díol sásaimh iad na tosaíochtaí beartais, a leagadh amach i Suirbhé Bliantúil Fáis 2015 ón gCoimisiún, atá dírithe ar infheistíocht, ar athchóiriú struchtúrach, ar fhreagracht fhioscach agus ar bhealaí chun cur leis an bhfás. Is ráiteas tábhachtach ón gCoimisiún nua maidir leis na tosaíochtaí beartais í an bhéim athnuaite a leagtar ar dhálaí sóisialta laistigh den Suirbhé Bliantúil Fáis (SBF), agus go háirithe sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (TCF), mar aon leis an bhfógra i ndáil le gnéithe fostaíochta agus sóisialta an rialachais eacnamaíoch a neartú. Ina theannta sin, aithnítear an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair araon agus tús áite a thabhairt do bhearta lena gcuidítear freisin le cruthú post a spreagadh agus le fiontraíocht a chur ar bun. Mar sin féin, ní foláir an nasc atá ann idir tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil Fáis agus Straitéis Eoraip 2020 agus a cuid cuspóirí, go háirithe ó thaobh fás cuimsitheach, a shoiléiriú agus a neartú.
5. Baineadh de thátal as ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2014 gur cheart tús áite a thabhairt do na beartais lena ndéanfar athchóirithe struchtúracha a neartú mar ghné tábhachtach chun an bunús le haghaidh fáis agus post san Eoraip a chur ar fáil.
6. Tá tuilleadh infheistíochta poiblí agus príobháidí riachtanach don Aontas Eorpach. Agus an Plean Infheistíochta don Eoraip a moladh le déanaí á chur chun feidhme, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear fás, iomaíochas agus cruthú post breise chun cinn le hinfeistíochtaí nua agus a áirithiú go ndéanfar measúnuithe tionchair eacnamaíocha agus sóisialta iomchuí ar na hinfeistíochtaí sin, freisin trí shaineolas ar bheartais shóisialta agus fostaíochta agus trí chritéir ina leith a áireamh i bpróiseas cinnteoireachta an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochta Straitéisí a bheartaítear.
7. Déantar an dara Scórchlár táscairí fostaíochta agus sóisialta, ar cuid lárnach é fós den chur chuige maidir le gné shóisialta Eoraip 2020 agus an tSeimeastair Eorpaigh a neartú, a chur i láthair i TCF.

8. Ar bhonn an tSuirbhé Bhliantúil Fáis agus na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht, agus ar bhonn na bPríomh-Theachtaireachtaí ann agus na teorach straitéisí a chuireann an Chomhairle Eorpach ar fáil, tá tábhacht ar leith ag roinnt leis na treoshuímh seo a leanas ó thaobh na mbeartas fostaíochta agus sóisialta:

Dinimiceas mhargadh an tsaothair a neartú, ag dul i ngleic leis an leibhéal ard dífhostaíochta agus ag tacú le poist d'ardchaighdeán a chruthú:

9. *An dífhostaíocht fhadtéarmach a chosc agus a laghdú:* trí éifeachtúlacht fheabhsaithe na seirbhísí fostaíochta poiblí, éifeachtacht beartas gníomhachtaíthe agus beartas chun gur fiú tairbhe na hoibre an trioblóid, agus trí infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna chomh maith le hinfheistiú i mbeartais ghníomhacha shaincheaptha do mhargadh an tsaothair agus seirbhísí sóisialta comhtháite.
10. *Aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc an ógra de gach cineál:* Léiríodh san athbhreithniú ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) ar an Ráthaíocht don Aos Óg go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag na Ballstáit maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a chur i bhfeidhm ach go bhfuil roinnt dúshlán ann i gcónaí i ndáil lena áirithiú leis an Ráthaíocht go gcuimseofar go héifeachtach na daoine go léir atá i ngátar, go mbeidh dóthain fostóirí rannpháirteach inti, agus tá dúshlán ann na costais idirghabhála a chomhardú le srianta buiséadacha. Mar gheall ar leibhéal dífhostaíochta os cionn 21% i measc na n-óg, ní mór do na Ballstáit cur leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg.
11. *Cruthú post a spreagadh agus feabhas a chur ar na dreasachtaí chun oibre:* trí infheistíocht, fiontraíocht a spreagadh, obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, agus trí dhreasachtaí cánach agus dreasachtaí eile a athneartú, lena n-áirítear tríd an ding chánach a ghearrtar ar shaothar a laghdú. Ní leor an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas maidir leis an ngné áirithe seo agus ní foláir i gcónaí féachaint tuilleadh faoi na bealaí chun córais chánach a athcheapadh chun borradh a chur faoin bhfostaíocht agus cosaint shóisialta leormhaith a áirithiú. Ba cheart, áfach, leis na hathchóirithe d'fhonn an méid sin a bhaint amach, a chur san áireamh go cuí go bhfuil níos mó i gceist le córais chánach ná díreach dreasachtaí chun oibre a chur ar fáil agus nach mór aird chuí a thabhairt ar leordhóthanacht agus ar inbhuanaitheacht airgeadais an mhúnla shóisialta Eorpaigh mar aon lena thionchair imdháilte ábhartha.

12. *Tacú le soghluaisteacht an lucht saothair:* Chuir an ceart bunúsach maidir le saorghluaiseacht oibrithe go dearfach leis an bhforbairt eacnamaíoch san Eoraip. Tá sé tábhachtach tacú le soghluaisteacht an lucht saothair d'fhonn an fás agus an fhostaíocht a chothú, agus ag an am céanna cearta sóisialta a chosaint agus mí-úsáid na rialacha atá ann cheana a chosc mar aon le "imirce daoine oilte" ó réigiúin áirithe a d'fhéadfadh tarlú.
13. *Cáilíocht post a chothú agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i ngairmoiliúint* chun luathfhágáil na scoile a sheachaint agus chun feabhas a chur ar an aistriú idir oideachas agus fostaíocht agus cabhrú le haistrithe i margadh an tsaothair.

Córais chosanta sóisialta a nuachóiriú agus béim á leagan ar chuimsiú sóisialta agus ar infheistíocht shóisialta

14. Aithníonn an Chomhairle go hiomlán an gá atá ann feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gcóras cosanta sóisialta agus a gcuid feidhmeanna lárnacha, eadhon an chosaint, an chobhsaíocht agus an infheistíocht shóisialta á gcaomhnú ag an am céanna. Trí athchóirithe a dhéanamh ar na córais chosanta sóisialta, ba cheart cur leis an gcur chuige a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle in 2013 "I dtreo infheistíochta sóisialta le haghaidh fáis agus comhtháthaithe".
15. Ba cheart, trí infheistiú sna córais chosanta sóisialta, cosaint leordhóthanach a áirithiú do ghrúpaí uile an phobail agus, ar an gcuma sin, tacú leis na beartais uilíocha atá á gcomhlánú le bearta spriocdhírithe lena gcuirtear go héifeachtach leis an margadh saothair agus le cuimsiú sóisialta araon. Rinneadh iarracht láidir beartais chun feabhas a chur ar ghníomhachtú, ar rochtain agus ar leordhóthanacht scéimeanna ioncaim íosta. Chun na críche sin, ba cheart go mbeadh cumhdach agus glacadh na scéimeanna sochair sin mar thosaíocht bheartais trí rochtain ar shochair a shimpliú agus trína leordhóthanacht a mheas go cúramach. Ba cheart go mbeadh tacaíocht leanúnach do lánpháirtíocht agus d'ath-lánpháirtíocht mhargadh an tsaothair trí bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair agus trí phrionsabail chun gur fiú tairbhe na hoibre an trioblóid, nasctha le cosaint shóisialta, agus ar an gcaoi sin sheachnófaí caillteanas caipitil dhaonna.

16. Ba cheart go mbeadh nuálaíocht sa chúram sláinte agus sa chúram fadtéarmach dírithe ar rochtain chothrom uilíoch a áirithiú ar sheirbhísí sláinte sábháilte atá ar ardchaighdeán agus ba cheart inacmhainneacht, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht costais ina leith a chinntiú ag an am céanna. Féadfar a áireamh ar na nuálaíochtaí sin neartú a dhéanamh ar an tsláinte a chur chun cinn agus ar ghalair a chosc sna hearnálacha beartais ábhartha go léir, agus cúram sláinte comhtháite á áirithiú mar aon le feabhas á chur ar chúram sláinte príomhúil, fáthmheas luath, an leas is fearr is féidir á bhaint as speisialtóirí agus as cúram ospidéil agus lucht saothair iomchuí agus oilte i réimse na sláinte á chinntiú. Féadfar go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh freisin: úsáid níos fearr a bhaint as ríomhsheirbhísí sláinte, as an Measúnú ar Fheidhmíocht na gCóras Sláinte agus as measúnú ar theicneolaíocht na sláinte (HTA), agus maoiniú seasmhach leanúnach an chórais sláinte á chinntiú ag an am céanna.
17. Cé gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na córais phoiblí le haghaidh pinsean chun go seachnófaí tionchar an dul in aois, rud lena gcuirfí cobhsaíocht an airgeadais phoiblí i mbaol, is ábhar inní é gur gá níos mó a dhéanamh chun leordhóthanacht na bpinsean a bheidh ann amach anseo a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart go n-aithneofaí na deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha agus na dúshlán shóisialta agus eacnamaíocha a chruthaítear nuair a bhíonn an daonra ag dul in aois. Ba cheart go dtabharfaí an deis iomchuí do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta beartais is ábhartha, de réir a gcuid cúinsí agus tosaíochtaí náisiúnta, chun a áirithiú go mbeidh cothromaíocht chuí idir an t-am a chaitear ag an obair agus an t-am a chaitear ar scor.
18. I bhfianaise an méid a thit amach i gcúrsaí sóisialta, tá gá le hiarrachtaí a neartú i leith beartais chun an bhochtaineacht, an t-eisiamh sóisialta agus an neamhionannais a chomhrac. Meabhraítear go bhfuil straitéisí cuimsitheacha, lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeán cumasúcháin, cosaint shóisialta leordhóthanach agus margaí saothair cuimsitheacha ar na bealaí is éifeachtúla agus is inbhuanaithe chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac. Le straitéisí cuimsitheacha cuimsiú sóisialta tacaítear le héileamh, le comhtháthú sóisialta agus le forbairt níos fearr a dhéanamh ar chaipiteal daonna, agus mar sin ní hamháin go dtacaítear le cuspóirí sóisialta, ach go dtacaítear le fás inbhuanaithe freisin.

19. Is maith an anailís agus an léiriú atá sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (TCF) ar a thábhachtaí atá comhionannas inscne i margadh an tsaothair. Ós rud é gurb ann d'acmhainn shuntasach i dtéarmaí fostaíochta, fáis eacnamaíoch agus cuimsithe shóisialta, ar an drochuair níor tugadh aird leordhóthanach ar an ngné sin sa Suirbhé Bliantúil Fáis. I ndáil leis sin, i gcomhréir le cuspóirí chruinniú Barcelona, léiríodh sa chéad Suirbhé Bliantúil Fáis¹ gur cheart díriú sna córais sochair chánach, sna socruithe solúbtha oibre agus sna háiseanna cúraim leanaí ar rannpháirtíocht san ionad oibre a éascú agus léiríodh gur gá na hábhair sin a shaothrú mar aon leis an anailís a rinneadh sa TCF chun na spriocanna a ghnóthú i leith ráta fostaíochta Eoraip 2020. Cé go bhfuil roinnt beart déanta ag na Ballstáit chun na bearnaí inscne a laghdú, tá gá le dul chun cinn breise a dhéanamh mar atá ráite sa TCF agus i gcomhréir leis an sprioc G20 a glacadh le déanaí chun an bhearna inscne sa rannpháirtíocht a laghdú. Ba cheart léiriú níos fearr a thabhairt ar éagsúlachtaí inscne i gcomhthéacs na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Tá na bearta sin ríthábhachtach freisin chun soláthar leordhóthanach agus inbhuanaithe a áirithiú amach anseo do na mná ina seanaois.

Úinéireacht agus rialachas feabhsaithe de bhíthin Seimeastair Eorpaigh chuíchóirithe

20. Is díol sásaimh don Chomhairle na moltaí a rinneadh i ndáil le cuíchóiriú a dhéanamh ar an Seimeastar Eorpach, agus meabhraíonn sí di an tuairim chomhpháirteach a thug an Coiste um Chosaint Shóisialta (CCS) agus EMCO uathu maidir leis an athbhreithniú lár-téarma ar an Straitéis Eoraip 2020 agus is díol sásaimh di na tograí atá molta maidir le feabhas a chur ar na gnéithe rialachais den Seimeastar Eorpach. Cuireann sí in iúl go láidir gur cheart do na hAíre atá i gceannas ar chúrsaí fostaíochta agus gnóthaí sóisialta leanúint de bheith rannpháirteach go hiomlán i raon feidhme a n-inniúlachtaí ó thaobh beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme.
21. Go háirithe, is díol sásaimh di na pleananna chun na Doiciméid Oibre Foirne agus na hAthbhreithnithe Doimhne a chur le chéile go luath mar dhoiciméad cuimsitheach anailíseach agus is díol sásaimh di go nglacfar na tograí maidir le Moltaí atá Sonrach do Thíortha Faoi Leith níos luaithe ná mar a bhí beartaithe. Leis an dá rud féadfar dul i mbun comhairle níos struchtúrtha agus níos cothroime ar an mbonn náisiúnta maidir leis na tograí agus an anailís atá taobh thiar díobh agus féadfar a áirithiú gur fearr a bheidh an plé iltaobhach a dhéanfar sa Chomhairle agus go mbeidh idirphlé cuí i ngach ceann de na comhlachtaí ábhartha ullmhúcháin de chuid na Comhairle.

¹ COIM (2011)11

22. Is gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ábhar agus tráthúlacht thíolacadh na gClár Náisiúnta um Athchóiriú (CNAanna) agus ar an tábhacht a bhaineann le doiciméid tuairiscithe eile, go háirithe na Tuarascálacha Náisiúnta Sóisialta (TNSanna), mar aon le malairtí déthaobhacha. I roinnt Ballstát, is ionann na CNAanna agus doiciméad i leith tiomantas polaitiúil atá mar thoradh ar chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile. Ní mór an ghné luachmhar sin a choimeád má dhéantar an nós sin a athrú sa chaoi go bhféadfadh doiciméid ghearra tuairiscithe a bheith ina n-ionad amach anseo.

Scórchlár an tSásra Foláirimh

23. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an ról atá ag táscairí fostaíochta agus sóisialta sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh agus san anailís a dhéantar ar na dúshláin fostaíochta agus shóisialta san Athbhreithniú Domhain a dhéantar ach cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá ann cineál an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (NMManna) a chaomhnú go cúramach, agus trédhearcacht agus comhsheasmhacht á gcoimeád idir na táscairí uile atá ann cheana. Ba cheart go mbeadh teorainn ar úsáid na dtáscairí fostaíochta agus sóisialta in NMM sa chaoi go dtiocfaí ar thuiscint níos fearr ar an méid a thiteann amach i gcúrsaí sóisialta agus fostaíochta a bhaineann le coigeartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus ba cheart anailís chúramach a dhéanamh roimh ré agus aird iomlán a thabhairt ar Scórchlár na bPríomhtháscairí Fostaíochta agus Sóisialta. Ba cheart do EMCO agus do CCS a bheith rannpháirteach in úsáid táscairí fostaíochta agus sóisialta laistigh de NMM. Le pleananna gníomhaíochta ceartaithí cuirfear san áireamh tionchar sóisialta na ngníomhaíochtaí beartais agus beidh na pleananna sin comhsheasmhach leis na mór-threoirlínte beartas eacnamaíoch agus leis na treoirlínte fostaíochta.

IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

24. Na tosaíochtaí i Suirbhé Bliantúil Fáis 2015 agus sa Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta a léiriú ina gcuid Clár Náisiúnta um Athchóiriú agus i gcás inarb ábhartha ina gcuid Tuarascálacha Náisiúnta Sóisialta, agus beartais a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar Mholtaí 2014 a Bhaineann go Sonrach le Tíortha Faoi Leith.
25. Breithniú ar an toradh a bhí ar an athbhreithniú téamach cuimsitheach a rinne Monatóir Feidhmíochta na Cosanta Sóisialta agus ar na torthaí ar an obair faireachais iltaobhaigh arna déanamh ag EMCO agus ag SPC agus a gcuid beartas á gceapadh acu.
26. Deis a thabhairt do na Parlaimintí náisiúnta, do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí shibhialta a bheith níos páirtí in imeachtaí an tSeimeastair Eorpaigh ar an leibhéal náisiúnta,

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

27. A áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht chuí ag EMCO agus ag CCS i ngnéithe ábhartha uile Seimeastair Eorpaigh chuíchóirithe, lena n-áirítear trí thograí a thíolacadh maidir le Moltaí a Bhaineann go Sonrach le Tíortha Faoi Leith in am trátha chun gur féidir comhairliúchán náisiúnta cuí agus idirphlé a dhéanamh sa Chomhairle agus sna comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha.
28. Díriú sna Moltaí a Bhaineann go Sonrach le Tíortha Faoi Leith ar na réimsí tosaíochta gan a bheith ró-rúrach maidir le beartais a chur chun feidhme.
29. Ag tosú le SBF de chuid na bliana seo chugainn, ba cheart don Choimisiún soiléiriú níos fearr a dhéanamh ar an nasc idir an fás agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban i margadh an tsaothair.
30. Ba cheart dó freisin tograí a dhéanamh chun cuidiú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus an méid a foghlaimíodh ó tugadh isteach na Scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg ar fud an Aontais á chur san áireamh agus na ráthaíochtaí sin á gcomhtháthú go hiomlán i Straitéis Fostaíochta na hEorpa.

IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

31. Obair a dhéanamh chun feabhas a chur ar Scórchlár na bPríomhtháscairí Fostaíochta agus Sóisialta chun cur leis an tuiscint ar an méid a thiteann amach i gcúrsaí sóisialta agus fostaíochta agus cur lena chomhleanúnachas le Monatóir Feidhmíochta na Fostaíochta agus le Monatóir Feidhmíochta na Cosanta Sóisialta, agus, ag an am céanna, más féidir, sineirgí idir an dá ionstraim a neartú, agus measúnú a dhéanamh ar thionchar sóisialta na mór athchóirithe struchtúracha.
32. Obair níos dlúithe a dhéanamh leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch (EPC) i réimsí na hinniúlachta comhpháirtí, i gcomhthéacs an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch.

33. A gcuid tuairimí a chur faoi bhráid na Comhairle faoi aon tograí ón gCoimisiún maidir leis an ról atá ag úsáid táscairí fostaíochta agus sóisialta sa Nós Imeachta do Mhíchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.
34. Tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ar an Athbhreithniú Domhain arna dhéanamh faoin Nós Imeachta do Mhíchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, ag obair i ndlúthchomhar le EPC.
35. Modhanna oibre treisithe a chur chun feidhme idir na Coistí agus Ardrúnaíochtaí Chomhpháirtithe Sóisialta na hEorpa.
36. Iarrann sí ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) dul i gcomhar leis na rannóga Oideachais sa Chomhairle agus féachaint ar na bealaí inar féidir feabhas agus struchtúr níos fearr a chur ar an gcaidreamh sin, agus béim a leagan ar bhonn a thógáil le go ndéanfar díospóireacht fianaise-bhunaithe ar na saincheisteanna a bhaineann le caipiteal daonna.
37. Iarrann sí ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta dul i gcomhar leis an Meitheal um an tSláinte Phoiblí ar an leibhéal sinsearach maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartais sláinte.
38. Iarrann sí ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta dul i gcomhar leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais i ndáil le saincheisteanna maidir le caiteachas ar chúrsaí aoise.